Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2026**
**(OR. en, sk)**

**11393/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0150 (COD)**

**AGRI 565**
**AGRIFIN 134**
**CODEC 1375**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineál sonrach idirghabhála chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an fhéidearthacht leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a oiriúnú don bhliain féilire 2027 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialacha níos solúbtha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar fhreagairt ar an méadú ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear**(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas<br>– Ráiteas |

**D'iarr an tSlóvaic go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn an tSlóvaic le glacadh an Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann le cineál sonrach idirghabhála chun tacaíocht eisceachtúil shealadach a chur ar fáil faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an fhéidearthacht leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a oiriúnú don bhliain féilire 2027 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialacha níos solúbtha maidir le réamhíocaíochtaí a íoc mar fhreagairt ar an méadú ar phraghsanna leasacháin mar gheall ar an ngéarchéim sa Mheánoirthear.

Ag an am céanna, ba dhíol sásaimh don tSlóvaic leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1173 ón gCoimisiún, go sonrach Airteagal 7(1) de, lena dtabharfaí tuilleadh solúbthachta do na Ballstáit maidir le réamhíocaíochtaí a dhéanamh trí mhaolú ón sprioc-am a cheadú nó trí cheadú don réamhíocaíocht a dhéanamh gan aon teorainn ama maidir leis an sprioc-am i ndáil le hiarratas a leasú nó a tharraingt siar, ar choinníoll go bhfuil córas éifeachtach bainistíochta agus rialúcháin i bhfeidhm ag an mBallstát, lena n-áirítear sásraí le haghaidh íocaíochtaí neamhdhlite a aisghabháil.